



Business Manager,  
Communications Division  
10-11 Cornmarket, Dublin 8, D08 X8C6  
Mobile: 087 9087126

Teachta Dála Holly Cairns

[Holly.Cairns@oireachtas.ie](mailto:Holly.Cairns@oireachtas.ie)

[PQ 21905/21](#)

4 Bealtaine 2021

A Theachta Dála, a chara,

**Ceist:** Ag iarraidh ar an Aire Sláinte cén tslí ina bhfuil a Roinn agus na gníomhaireachtaí faoina cúram ag cabhrú le daoine ar mian leo a gcuid seirbhísí a fháil trí Ghaeilge ; agus an mbeidh sé sásta ráiteas a dhéanamh ar an ábhar.

Tá an tSeirbhís Gaeilge Náisiúnta faoin Roinn Cumarsáide agus tá Ceannoifigeach agus triúr Oifigeach Gaeilge aici atá lonnaithe i nGaillimh, i Luimneach agus in Uíbh Fhailí. Cuireann an tseirbhís seo dlús le comhlíonadh na reachtaíochta agus na riachtanais reachtúla, tacaíonn sé le seirbhísí FnaSS ar fud na tíre agus déanann sé iarracht feabhas a chur ar úsáid na Gaeilge sa tseirbhís sláinte agus í a chur chun cinn. Déanann an fhoireann iarracht caidreamh a fhorbairt ar fud FnaSS le príomhpháirtithe leasmhara chun feasacht ar riachtanais othar agus ar dhualgaísí comhlíonta FnaSS a fheabhsú. Tá an tSeirbhís ann freisin mar thacaíocht d'fhoireann a sholáthraíonn seirbhísí trí Ghaeilge. Tá cúig thaca i Straitéis na Seirbhíse Sláinte 2019-2023

**Taca 1.** Comhlíonadh le Reachtaíocht agus le Rialachán trí Athbhreithnithe Comhlíonta i suíomhanna seachadta seirbhíse éagsúla agus ina dhiaidh sin tacaíocht agus faireachán – ar fionraí ó Mhárta 2020 mar gheall ar ráig COVID-19

**Taca 2.** Tacú le Seirbhísí agus Feidhmeanna FnaSS ar bhealaí éagsúla ar nós

- Seirbhís aistriúcháin a sholáthar do Bhainisteoirí ar mhíreanna faoi 1000 focal
- Profáil ar phíosaí aistriúcháin níos mó ó Chuideachtaí Aistriúcháin

**Taca 3.** Oiliúint, Earcaíocht agus Forbairt

- Measúnú ar Inniúlacht agus ar Líofacht i nGaeilge i measc na mball foirne nuacheaptha i bpoist i gceantair Ghaeltachta
- Tacaíocht duine ar dhuine do bhaill foirne atá ag iarraidh a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú d'fhonn seirbhís a sheachadadh i nGaeilge

**Taca 4.** Cur chun cinn na Gaeilge agus Cumarsáid na Gaeilge laistigh de FnaSS – cuir i láthair ar fionraí ó Mhárta 2020 mar gheall ar ráig COVID-19

**Taca 5.** Forbairt Dreasachtaí Tríú Leibhéal, Tacaíochtaí Oideachais agus Gairmthreoir laistigh de shrianta buiséid – ar fionraí ó Mhárta 2020 mar gheall ar ráig COVID-19

Tá roinnt foirmeacha iarratais a iarrtar go minic etc. ar fáil i nGaeilge, lena n-áirítear:

- Iarratais ar Chuaireanna Leighis/Dochtúir Teaghlaigh
- Iarratas ar an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte
- Iarratais ar Scéim na dTinneas Fadtéarmach
- Iarratais ar an Scéim Íocaíochta Drugaí
- Tá an aip rianaithe COVID ar fáil le híoslódáil i nGaeilge in éineacht leis an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil ar Immunisation.ie in éineacht leis na leaganacha Béarla
- Tá leagan Gaeilge den fhoirm ann d'aon duine ar mian leis gearán a dhéanamh trí 'Do Sheirbhís – Do Thuairim'

Tá súil agam go bhfreagraíonn sé seo do cheist. Má bhíonn aon chúnamh breise uait, ná bíodh aon drogall ort dul i dteagmháil liom.

Is mise le meas,

Mary Brodie